*Uimhir* 37 *de* 1993

# Acht Thionscal na gCon (Leasú), 1993

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 37 *de* 1993

**ACHT THIONSCAL NA gCON (LEASÚ), 1993**

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Míniú.

2. Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht.

3. Leasú ar alt 36 den Phríomh-Acht.

4. Aisghairm.

5. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| Acht Tionscail na gCon, 1958 | 1958, Uimh. 12 |
| Acht na Máinliaigh Beithíoch, 1931 | 1931, Uimh. 36 |

*Uimhir* 37 *de* 1993

**ACHT THIONSCAL NA gCON (LEASÚ), 1993**

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ ACHT TIONSCAIL NA gCON, 1958.

[22 *Nollaig* 1993]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Míniú

**1.**—San Acht seo, ciallaíonn "an Príomh-Acht" Acht Tionscail na gCon, 1958.

Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht

**2.**—(1) Leasaítear leis seo alt 9 den Phríomh-Acht trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (2) go (5):

"(2) (*a*) Déanfaidh an tAire, roimh an 1ú lá d'Eanáir, 1994, seisear daoine a cheapadh chun bheith ina ngnáthchomhaltaí den Bhord agus tosóidh téarma oifige gach duine a cheapfar amhlaidh an 1ú lá d'Eanáir, 1994 agus, má éagann aon duine acu sin roimh an dáta sin, measfar, chun críocha fho-alt (5), gurb é an 1ú lá d'Eanáir, 1994 a d'éag sé.

(*b*) Féadfaidh an tAire, de réir mar is gá tar éis an 1ú lá d'Eanáir, 1994, duine a cheapadh chun bheith ina ghnáthchomhalta den Bhord in ionad gnáthchomhalta a dtiocfaidh deireadh lena théarma oifige le himeacht aimsire agus tosóidh téarma oifige gach duine a cheapfar amhlaidh an lá díreach tar éis lá a cheaptha.

(2A) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, sealbhóidh gach gnáthchomhalta den Bhord oifig ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an tAire.

(3) (*a*) Faoi réir fhorálacha an fho-ailt seo, is é 3 bliana téarma oifige gnáthchomhalta den Bhord.

(*b*) Is é 1 bhliain téarma oifige 2 dhuine (a chinnfidh an tAire trí chrannchur) de na chéad ghnáthchomhaltaí a cheapfar de bhun fho-alt (2)(*a*) den alt seo.

(*c*) Is é 2 bhliain téarma oifige 2 dhuine (a chinnfidh an tAire trí chrannchur) de na chéad ghnáthchomhaltaí a cheapfar de bhun fho-alt (2)(*a*) den alt seo.

(*d*) D'ainneoin mhíreanna (*a*) go (*c*) den fho-alt seo, gach comhalta den Bhord a cheapfar faoi fho-alt (2) den alt seo, sealbhóidh sé oifig, mura túisce a éagfaidh sé, a éireoidh sé as oifig, a thiocfaidh sé faoi dhícháilíocht nó a chuirfear as oifig é, go dtí deireadh an chéad lae eile a ndéanfaidh an tAire, de bhun an fho-ailt sin, duine a cheapadh chun teacht in ionad an duine sin mar ghnáthchomhalta den Bhord.

(4) Aon uair a éagfaidh gnáthchomhalta den Bhord, a éireoidh sé as oifig, a thiocfaidh sé faoi dhícháilíocht nó a chuirfear as oifig é—

(*a*) déanfaidh an tAire, a luaithe is caoithiúil, duine eile a cheapadh chun an corrfholúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh, agus

(*b*) sealbhóidh an duine a cheapfar amhlaidh oifig, mura túisce a éagfaidh sé, a éireoidh sé as oifig, a thiocfaidh sé faoi dhícháilíocht nó a chuirfear as oifig é, ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta ba chúis leis an gcorrfholúntas a gceaptar é lena líonadh, agus beidh sé in-athcheaptha.

(5) Beidh gnáthchomhalta den Bhord dícháilithe chun oifig a shealbhú agus scoirfidh sé d'oifig a shealbhú má bhreithnítear ina fhéimheach é nó má dhéanann sé imshocraíocht nó comhshocraíocht lena chreidiúnaithe, nó má ghearrann cúirt dlínse inniúla pianbhreith phríosúnachta nó phianseirbhíse air.''.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 1ú lá d'Eanáir, 1994.

Leasú ar alt 36 den Phríomh-Acht

**3.—**Leasaítear leis seo alt 36 den Phríomh-Acht—

(*a*) tríd an bhfo-alt nua seo a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

''(1A) (*a*) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforálfar do na nithe seo a leanas—

(i) féasraigh a chur ar chúnna a bheidh páirteach i mbearta, agus an modh ar a ndéanfar na féasraigh sin a chur ar chúnna agus an sórt féasraigh a úsáidfear chuige sin,

(ii) toirmeasc a chur ar chú a bheith páirteach i mbeart mura bhfuil féasrach curtha air nó mura gcomhlíonann an féasrach atá curtha ar an gcú na rialacháin,

(iii) tréidlia do dhéanamh maoirseacht ar ghiorriacha a chúrsáiltear i mbearta, roimh na bearta, i rith na mbeart agus tar éis na mbeart,

(iv) giorriacha a mharcáil sula scaoilfear saor iad san fhianas tar éis cruinnithe cúrsála údaraithe, ar marcáil í de cibé sórt a shonróidh an tAire sna rialacháin,

(v) toirmeasc ar ghiorria a chúrsáil i mbeart más rud é gur cúrsáladh an giorria i mbeart i gcruinniú cúrsála

údaraithe roimhe sin, ar cruinniú é de cibé sórt a shonróidh an tAire sna rialacháin,

(vi) toirmeasc a chur le giorria a chúrsáil i mbeart más rud é nach bhfuil sé inniúil lena chúrsáil, agus

(vii) tréidlia do thabhairt treorach—

(I) á thoirmeasc cú a bheith páirteach i mbeart más dóigh leis an Aire nach gcomhlíonann an féasrach atá curtha ar an gcú na rialacháin,

(II) á thoirmeasc giorria a chúrsáil i mbeart más dóigh leis gur cúrsáladh an giorria i mbeart i gcruinniú cúrsála údaraithe roimhe sin, ar cruinniú é de cibé sórt a shonróidh an tAire sna rialacháin, nó

(III) á thoirmeasc giorria a chúrsáil i mbeart más dóigh leis nach bhfuil an giorria inniúil lena chúrsáil.

(*b*) San fho-alt seo—

ciallaíonn 'beart' beart ar mír é i gcruinniú cúrsála údaraithe de cibé sórt a shonróidh an tAire sna rialacháin agus folaíonn sé triail réamhchúrsála de cibé sórt a bheidh sonraithe ag an Aire sna rialacháin, agus

ciallaíonn 'tréidlia cláraithe' tréidlia cláraithe de réir bhrí 'máinliaigh beithíoch cláruithe' in Acht na Máinliaigh Beithíoch, 1931.'', agus

(*b*) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach in ionad fho-alt (2):

''(2) Má dhéantar sárú ar rialachán faoin alt seo, nó ar ordachán faoi rialachán den sórt sin, i ndáil le cruinniú cúrsála údaraithe, dlífear fíneáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí nó iad araon a chur ar an duine a sheol an cruinniú agus, má bhaineann an t-ordachán le cú, ar úinéir an chú, ar é nó iad a chiontú go hachomair,''.

Aisghairm

**4.—**(1) Aisghairtear leis seo fo-ailt (5) agus (6) (a mhéid a bhaineann an fo-alt sin le coinníoll a bheidh ag gabháil le ceadúnas rásriain con, dá dtagraítear san fho-alt sin (5), agus dá ngairtear 'ceadúnas rás-riain chon' san fho-alt sin, a fhágáil gan chomhlíonadh) d'alt 23 den Phríomh-Acht.

(2) Measfar gur tháinig an t-alt seo i ngníomh an 1ú lá de Nollaig, 1992.

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú

**5.—**(1) Féadfar Acht Thionscal na gCon (Leasú), 1993 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar Achtanna Thionscal na gCon, 1958 agus 1993 a ghairm den Phríomh-Acht agus den Acht seo le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

ISBN 978-1-4468-6754-9

Wt. —. 42. 4/22. Essentra. (33429). Gr.30-15.